Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9769/24**

**JEUN 104**
**SOC 348**
**FREMP 235**
**ONU 62**
**EDUC 162**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis na cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, an óige agus cearta an linbh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 13-14 Bealtaine 2024.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis na cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, an óige agus cearta an linbh

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DÓIBH AN MÉID A LEANAS:

1. Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna na hurraime ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus na hurraime do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna de chuid na mBallstát na luachanna sin i sochaí ina mbíonn an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir faoi réim, agus ina n-áirithítear dlúthpháirtíocht idir na glúine1,

2. Toirmisctear idirdhealú a dhéanamh in aghaidh an linbh agus a thuismitheoirí nó a chaomhnóirí dlíthiúla, bunaithe ar aon fhoras as measc na gceann a leanas: inscne2, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, nó féiniúlacht inscne. Is ann do ghrúpaí sonracha leanaí a mbaineann leochaileachtaí ar leith leo agus déantar orthu eisiamh agus leithcheal socheacnamaíoch,

[1] Airteagal 2 agus 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

[2] Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir raon feidhme phrionsabal na córa comhionainne d'fhir agus do mhná a theorannú don toirmeasc ar idirdhealú ar an mbonn gur de ghnéas amháin nó de ghnéas eile atá duine. I bhfianaise chuspóir an phrionsabail agus chineál na gceart a bhféachtar lena gcosaint, beidh feidhm aige freisin maidir le hidirdhealú a eascraíonn as inscne a athshannadh ar dhuine. Féach aithris 3 i mbrollach Threoir 2006/54/CE. I bhfianaise raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach, níl an fhoráil seo ábhartha ach amháin do thuismitheoir nó do chaomhnóir dlíthiúil an linbh.

3. Is é aidhm an Aontais Eorpaigh cearta an linbh a chosaint. I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á dhéanamh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, ní mór leas an linbh a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh. Beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail. Tá sé de cheart acu a dtuairimí a chur in iúl gan bhac. Cuirfear na tuairimí sin san áireamh maidir le hábhair a bhaineann leo i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht3,

4. Beidh sé de chuspóir ag gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i saol daonlathach na hEorpa,

5. Is é is aidhm do Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh an saol is fearr is féidir a sholáthar do leanaí san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain, tacaíonn sí le cearta an linbh a fhorbairt, a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas agus ar an leibhéal domhanda, agus déanann sí rannpháirtíocht chuimsitheach chórasach leanaí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn agus a fheabhsú, mar shampla trí Ardán nua an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí. Léiríonn sí cearta agus ról na leanaí inár sochaí agus cuireann sí leanaí agus a leasanna i gcroílár bheartais an Aontais, go háirithe trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach4,

---

3 Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, (COM(2021) 142, lgh 1-2); chun na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis a bhaint amach, áiritheoidh an Coimisiún go bpríomhshruthófar gné chearta an linbh i mbeartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin ábhartha uile an Aontais. Beidh sé sin ina chuid d’iarrachtaí chun cultúr atá fabhrach do leanaí a chruthú i bpróiseas ceaptha beartais an Aontais agus tacófar leis an méid sin trí oiliúint agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil d’fhoireann an Aontais agus trí chomhordú inmheánach feabhsaithe trí fhoireann chomhordaitheoir an Choimisiúin um chearta an linbh. Forbrófar seicliosta príomhshruthaithe maidir le cearta an linbh. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

6. Is é is aidhm do Straitéis Óige an Aontais 2019-2027, lena ndéantar rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach a chothú agus lena dtacaítear lena rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta, a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí; tá na 11 Sprioc Eorpacha don Óige - atá ina ndlúthchuid den straitéis - ábhartha maidir leis na conclúidí seo agus go háirithe Sprioc #9, 'Spás agus Rannpháirtíocht do Chách', arb é is aidhm di rannpháirtíocht dhaonlathach agus neamhspleáchas na ndaoine óga a neartú agus spásanna tiomnaithe don óige a chur ar fáil i ngach réimse den tsochaí,

7. I Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, moltar do na Ballstáit a ráthú do leanaí i ngátar[5] rochtain éifeachtach agus saor in aisce ar oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin, ar oideachas agus ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe, ar bhéile sláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile agus ar chúram sláinte, mar aon le cothú sláintiúil agus tithíocht leormhaith. Tá a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta ullmhaithe ag na Ballstáit uile maidir le conas an moladh seo a chur chun feidhme,

8. Áirítear sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití prionsabail agus gealltanais maidir le leanaí agus daoine óga a chosaint agus a chumhachtú sa timpeallacht dhigiteach[6],

---

[5] Is daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta atá i gceist le 'leanaí i ngátar', féach Airteagal 3(a) den Mholadh.

[6] Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití (2023/C 23/01).

9. Is bloic thógála riachtanacha iad an Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+) agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun leanaí agus a meabhairshláinte agus a ndea-bhail ar líne a chosaint, a chumhachtú agus a urramú, lena n-áirítear trí thionscnaimh atá dírithe ar fheasacht a mhúscailt maidir lena gcearta,

10. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh[7], dearbhaítear gur díol sásaimh don Chomhairle an tionscnamh ón gCoimisiún chun gné chearta an linbh a phríomhshruthú i mbeartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin ábhartha uile an Aontais, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach a neartú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí shásraí nua a bhunú agus tacú le sásraí atá ann cheana le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach, chuimsitheach agus shábháilte leanaí agus rannpháirtíocht chothrom leanaí a chur chun cinn gan idirdhealú d'aon chineál, agus athdhearbhaítear a thábhachtaí atá sé iarrachtaí a dhéanamh i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, eadhon Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe, maidir le cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas agus ar fud an domhain,

11. Sna conclúidí ón gComhairle maidir leis na Cláir Oibre Beartais Eorpacha agus Idirnáisiúnta maidir le Leanaí, an Óige agus Cearta an Linbh, moltar do na Ballstáit comhoibriú agus ról gníomhach a bheith acu i réimse na leanaí, na hóige agus chearta an linbh agus i gcruinnithe idirnáisiúnta amach anseo maidir le cearta an linbh a reáchtálfar ar leibhéal na saineolaithe agus na n-airí araon[8],

[7] Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh (10024/22).

[8] Conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2010 maidir le Cláir Oibre Beartais Eorpacha agus Idirnáisiúnta i ndáil le Leanaí, an Óige, agus Cearta Leanaí (2010/C 326/01).

12. Is iad Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), na Prótacail Roghnacha a ghabhann leis agus na Barúlacha Ginearálta ón gCoiste um Chearta an Linbh an conradh bunúsach ina leagtar amach cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, sláinte agus cultúrtha leanaí, agus déantar iarracht le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe timpeallacht chothaitheach a chur ar fáil do leanaí agus don óige chun a gcearta agus a gcumais a bhaint amach ina n-iomláine,

13. I Straitéis Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Linbh 2022-2027, cuirtear cur chuige trasnaí i bhfeidhm agus breathnaítear níos dlúithe ar na dúshláin iomadúla, ar minic iad a bheith idirghaolmhar, a mbíonn leanaí agus iad siúd a chosnaíonn a gcearta ag dul i ngleic leo, ach freisin ar ról na leanaí a neartú, feabhas a chur ar a gceart chun éisteacht a fháil agus tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann daoine fásta, agus ar na freagairtí idirdhisciplíneacha agus idirghníomhaireachta a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh. Is é is aidhm don straitéis sineirgí a aimsiú leis na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a mholtar i straitéisí agus pleananna gníomhaíochta eile de chuid Chomhairle na hEorpa, mar shampla Straitéis earnáil na hóige 2030, chomh maith le sineirgí leis an Aontas, go háirithe le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh9,

14. Is iad cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta croíluachanna Chomhairle na hEorpa agus luaitear i Straitéis earnáil na hóige 2030 de chuid Chomhairle na hEorpa gur cheart é a bheith mar aidhm ag earnáil óige Chomhairle na hEorpa é a chur ar a gcumas do óga ar fud na hEorpa seasamh leis na croíluachanna sin, iad a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn agus leas a bhaint astu go gníomhach, go háirithe trí rochtain daoine óga ar chearta a neartú, eolas daoine óga a dhoimhniú agus a rannpháirtíocht a leathnú. Aithnítear inti a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas agus sineirge a bhaint amach le hobair na bpáirtithe leasmhara idirnáisiúnta ábhartha uile i réimse na hóige, go háirithe leis an Aontas Eorpach agus leis na Náisiúin Aontaithe10,

9 *The Council of Europe Strategy for the Rights of the Child 2022-2027* [Straitéis Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Linbh 2022-2027] (lgh. 10 agus 5, 13, 27, 33, 39, 50).

10 Rún ó Choiste na nAirí CM/Res(2020)2 maidir le straitéis earnáil na hóige 2030 (lgh. 13-14).

15. Luaitear i Straitéis Oideachais Chomhairle na hEorpa 2024-2030 gurb í an fhís fhadtéarmach fhoriomlán atá aici go mbeidh gach foghlaimeoir in ann a gcearta mar shaoránaigh ghníomhacha i sochaithe daonlathacha na hEorpa a fheidhmiú ina n-iomláine. Bainfear an fhís fhadtéarmach sin amach i gcomhar leis na Ballstáit trí chlár arb é a phríomh-mhisean cáilíocht agus inrochtaineacht an oideachais a fheabhsú chun feabhas a chur ar shealbhú eolais agus inniúlachtaí don saol i sochaithe daonlathacha agus comhionannas deiseanna a áirithiú do gach foghlaimeoir.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU:

16. Rinneadh dul chun cinn suntasach ó 2010 i leith maidir le cearta agus dea-bhail leanaí agus daoine óga a aithint agus a chur chun cinn san Eoraip agus ar fud an domhain. Glacadh comhaontuithe agus gealltanais idirnáisiúnta atá dírithe ar fheabhas a chur ar shaol leanaí agus daoine óga. I measc na samplaí suntasacha tá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an chéad Straitéis chuimsitheach de chuid an Aontais maidir le Cearta an Linbh agus Straitéis Óige an Aontais 2019-2027, chomh maith leis na rannchuidithe agus na hacmhainní suntasacha a chuireann Comhairle na hEorpa ar fáil i réimse chearta na hóige agus rannpháirtíocht na hóige, mar shampla Moladh CM/Rec(2016)7 maidir le rochtain daoine óga ar chearta,

17. Is i sochaí athraitheach chasta a maireann leanaí agus daoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh, sochaí11 a bhfuil tionchar an iliomad athruithe agus dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo le brath uirthi: an ghéarchéim thriarach phláinéadach (an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú), paindéim COVID-19, na míbhuntáistí a bhaineann le dlús a chur leis an réabhlóid dhigiteach, chomh maith le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, an choinbhleacht sa Mheánoirthear, coinbhleachtaí agus cogaí eile ar fud an domhain, agus bagairtí slándála eile. Bíonn tionchar ag na cúinsí agus ag na feiniméin sin freisin ar mheabhairshláinte agus ar dhea-bhail leanaí agus daoine óga,

11 'Á thabhairt dá haire di agus imní dá réir uirthi, i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur mó an baol do leanaí ná do dhaoine fásta i mbéal coinbhleachtaí armtha agus ina ndiaidh agus á dhearbhú di nach mór iad a chosaint, go háirithe ar a gcoinscríobh isteach san airm nó i bhfórsaí armtha eile agus ar bheith úsáidte ag an airm nó fórsaí armtha eile, chomh maith le hiad a chosaint ar an ngáinneáil ar dhaoine, ar an uchtáil neamhdhleathach, ar an dteacht i dtír gnéasach agus ar bheith scartha óna dteaghlach; gur fíor sin i gcásanna géarchéime agus éigeandála eile de bharr sceimhlitheoireachta, géarchéime sláinte poiblí, géarchéime eacnamaíche, athrú aeráide nó tubaistí nádúrtha'. Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh (10024/22) (lch. 3).

18. Is sealbhóirí aonair ceart, gníomhaithe ar son an athraithe agus fórsa tábhachtach inár sochaí iad leanaí agus daoine óga sa lá atá inniu ann agus is amhlaidh a bheidh amach anseo. Seasann siad an fód i gcónaí maidir leis na hábhair imní atá acu, rud a chuireann leis an athrú dearfach sa tsochaí[12]. Ba cheart leanaí agus daoine óga, ina n-éagsúlacht uile, a chumasú, ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh agus ba cheart iad a chumhachtú ina rannpháirtíocht dhearfach ghníomhach maidir lena n-ábhair imní, sna timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha araon, agus ba cheart spásanna a thabhairt dóibh chun a nguthanna agus a dtuairimí a chur in iúl. Agus tionscnaimh atá ann cheana á n-úsáid mar bhunús, ba cheart na spásanna sin a chur in oiriúint do riachtanais shonracha na spriocghrúpaí agus a áirithiú go mbeidh an rannpháirtíocht fóinteach, cuimsitheach agus sábháilte. Ba cheart dlúthshineirgí a bhunú chun rannpháirtíocht idir leanaí agus daoine óga a áirithiú,

19. Is gá athdhearbhú agus neartú a dhéanamh ar an tiomantas do chearta an linbh a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do rochtain chomhionann chothrom do dhaoine óga ar a gcearta agus ar a ndeiseanna a chur chun cinn, tiomantas atá i gcroílár na mbeartasEorpach agus idirnáisiúnta.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ N-AIRE:

20. Doiciméad úrscothach 2023 dar teideal *The European and international policy agendas on children, youth and children's rights* [Na cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, an óige agus cearta leanaí],

21. Mar chuid den phacáiste maidir le cosaint an daonlathais, an moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn[13], lena gcuirtear chun cinn, go háirithe, rannpháirtíocht fhóinteach, chuimsitheach agus shábháilte leanaí agus daoine óga gan idirdhealú d'aon chineál agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa saol polaitiúil agus daonlathach a neartú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta,

---

[12] Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (2018/C 456/01); Airteagal 51 I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (A/RES/70/1): 'Is gníomhaithe ríthábhachtacha ar son an athraithe iad leanaí agus mná agus fir óga agus is éard a bheidh sna spriocanna nua ardán chun leas a bhaint as a gcumas gníomhachais, nach bhfuil teorainn leis, chun domhan níos fearr a chruthú.'

[13] Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn, C(2023)8627 final, 12.12.2023.

22. An moladh ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa,14 lena gcumhdaítear tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh óga i bhfeidhmiú a gceart toghchánach, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí araon, agus rannpháirtíocht pholaitiúil a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine óga, go háirithe vótálaithe céaduaire. Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a áireamh leis an tacaíocht sin, tá oideachas saoránachta a chothú, ionsamhlúcháin toghcháin a eagrú i scoileanna, tástálacha eolais nó comórtais ealaíne maidir le toghcháin, feachtais chumarsáide atá fabhrach don óige, treoracha toghcháin chun leanaí agus déagóirí a chur ar an eolas faoin bpróiseas clárúcháin agus vótála, mic léinn a spreagadh le bheith ina mbreathnóirí toghcháin agus cláir idir piaraí,

23. An straitéis i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí (straitéis BIK+), a thacaíonn le cur chuige cuimsitheach ilpháirtithe leasmhara atá dírithe ar chosc agus bunaithe ar thimpeallacht dhigiteach atá sábháilte agus oiriúnach ó thaobh aoise de, le cumhachtú digiteach agus le rannpháirtíocht ghníomhach leanaí, agus a thugann tús áite do leanaí agus do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta na hóige; freisin an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, a bhfuil cosaint leanaí mar phríomhchuspóir aige,

24. Na conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach,15 ina n-iarrtar ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc an phobail, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, maidir lena thábhachtaí atá sé a bpríobháideachas agus a sonraí pearsanta sa saol digiteach a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta féin, an ceart go ligfí i ndearmad iad, agus conas socruithe príobháideachais a chumrú agus criptiú a úsáid. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun cosaint shonrach agus/nó scileanna digiteacha a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais leanaí agus daoine óga,

[14] Moladh (AE) 2023/2829 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.

[15] Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach, 14309/23.

25. Torthaí an tseimineáir saineolaithe an 21-23 Eanáir 2024 a bhí ar siúl i Lováin agus na moltaí uaidh le haghaidh gníomhaíochta (i gceangal in Iarscríbhinn IV).

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

26. A ríthábhachtaí atá an obair a dhéantar i réimse na leanaí, na hóige agus chearta an linbh, chomh maith le ról na hoibre óige maidir le cearta leanaí agus daoine óga a chur chun cinn, a fhorbairt, a chosaint agus tacú leo,

27. A riachtanaí atá sé cearta leanaí a phríomhshruthú, chomh maith le gné an linbh agus gné na hóige i ngach réimse beartais ábhartha chun beartais chomhleanúnacha uileghabhálacha chuimsitheacha a áirithiú do leanaí agus do dhaoine óga, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu[16], dóibh siúd atá sna cásanna is leochailí[17], lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, iad siúd ón bpobal LGBTI[18], chomh maith leo siúd a mbaineann cúlra imirceach leo, atá easáitithe nó atá ag lorg tearmainn,

28. An luach a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga i gcinntí a dhéanann difear dá saol, lena n-áirítear i dtoghcháin i gcás inarb ábhartha, agus aitheantas á thabhairt dá gceart chun páirt a ghlacadh in ábhair a bhaineann leo, i gcomhréir leis na prionsabail a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[19], in Airteagal 7 i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, in Airteagal 24(1) agus (2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le Straitéis an Aontais um chearta an linbh agus Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh.

---

16 UNCRC, Barúil Ghinearálta 4 maidir le Sláinte agus Forbairt Ógánach UNCRC i gComhthéacs an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh.

17 Rún maidir le torthaí an 9ú timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh 2023/C 185/04, mír 36, agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le príomhshruthú na hóige a chur chun cinn i bpróisis cinnteoireachta beartais san Aontas Eorpach (C/2023/1337) agus Barúil Ghinearálta Uimh. 12 (2009) ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir leis an gceart éisteachta.

18 Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhshruthú na hóige i bpróisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach a chur chun cinn (C/2023/1342); An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 (COM(2020) 698 final).

19 Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH:

29. Iarrachtaí, cláir, tionscnaimh agus uirlisí comhbheartaithe an Aontais, mar atá Erasmus+, an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg20, an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (2021-2022), Bliain Eorpach na hÓige (2022) agus a hoidhreacht, Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, Líonra an Aontais um Chearta an Linbh, Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí, an Vicí don Óige, Tairseach Eorpach na hÓige, an tArdán maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí (BIK) agus an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha21,

30. Fócas an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (2021-2027), *inter alia*, ar thacaíocht a thabhairt do bheartais chuimsitheacha, ar a gcur chun cinn agus a gcur chun feidhme, ar beartais iad darb aidhm cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn22,

31. Fócas Chlár Erasmus+ agus Phrionsabal 1 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán,

32. Obair Chomhordaitheoir Óige an Aontais agus Chomhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh, mar aon le hobair na gComhordaitheoirí náisiúnta um an Ráthaíocht do Leanaí atá freagrach as comhordú agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme an mholta maidir leis an Ráthaíocht do Leanaí.

---

**20** Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú].

**21** ‘Leanaí agus daoine óga a chosaint agus a chumhachtú sa timpeallacht dhigiteach’ faoi Chaibidil V ‘Sábháilteacht, slándáil agus cumhachtú’ den Dearbhú Comhpháirteach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha (2023/C 23/01).

**22** Airteagal 4 de Rialachán 2021/692 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH ACU:

33. Tá deiseanna na n-óg agus an saol a bheidh acu amach anseo fite fuaite leis na deiseanna, an tacaíocht agus an chosaint a fhaigheann siad le linn a n-óige,

34. Ní mór aistriú gan uaim ó óige go haosacht a éascú, go háirithe do dhaoine óga atá i gcásanna leochaileacha, trí bheartais fheasacha agus trí chomhordú níos fearr idir na beartais lena mbaineann,

35. Sa raon aoise a dtugann comhar Bheartas Óige an Aontais aghaidh air, tá trasnaíl idir leanaí agus daoine óga, go háirithe suas go dtí 18 mbliana d'aois,

36. Is é is aidhm do na conclúidí seo ón gComhairle feasacht a mhúscailt agus bealaí a mholadh chun comhar, comhordú, faisnéis agus babhtáil níos fearr a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach maidir leis na réimsí beartais laistigh de raon feidhme na gconclúidí céanna.

IARRANN SIAD DÁ RÉIR SIN AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR A GCÚINSÍ NÁISIÚNTA SONRACHA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

37. Machnamh a dhéanamh ar straitéisí náisiúnta um chearta an linbh agus an óige a fhorbairt agus a chur chun feidhme, nó mionsaothrú a dhéanamh ar na straitéisí náisiúnta atá ann cheana nó ar bheartais chomhtháite nó chomhordaithe choibhéiseacha eile, agus féachaint le comhleanúnachas beartais a bhaint amach i dtaobh leanaí, chearta an linbh agus gnóthaí óige, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go ndéanfar cearta an linbh agus gné an linbh agus gné na hóige a chomhordú i ngach réimse beartais ábhartha, agus ag an am céanna freagairt ar riachtanais shonracha a bhaineann le haois, i bhfianaise an chur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh agus *acquis* ábhartha an Aontais,

38. I gcás inarb infheidhme, a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht na leanaí agus na hóige fite fuaite le struchtúr na bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann le leanaí agus daoine óga trí ardáin agus sásraí inrochtana a bhunú lena gcuirtear a rannpháirtíocht ghníomhach chun cinn nó tríd an rochtain atá ann ar na hardáin nó na sásraí atá ann cheana a fheabhsú, trí na hacmhainní agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun go bhfeidhmeoidh siad go héifeachtach agus trína áirithiú go mbeidh a rannpháirtíocht fóinteach, cuimsitheach agus sábháilte,

39. Uirlisí agus cláir a chur chun cinn atá cuimsitheach ó thaobh aoise agus míchumais de agus atá dírithe ar rannpháirtíocht leanaí agus na n-óg i bpróisis chinnteoireachta a éascú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais (ar nós Erasmus+ na hÓige, lena n-áirítear Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, Tairseach Eorpach na hÓige, an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach agus Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí),

40. A gcuid iarrachtaí a mhéadú chun gach cineál foréigin in aghaidh leanaí agus daoine óga a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta a dhéanamh chun leanaí agus daoine óga a chosaint ar idirdhealú ar na forais a shainaithnítear i mír 2, agus timpeallacht shábháilte thacúil chuimsitheach a áirithiú do gach leanbh ar scoil, go háirithe iad siúd a bhaineann le grúpaí leochaileacha agus a n-indibhidiúlacht á hurramú go cuí ag an am céanna.23

[23] Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, (COM(2021) 142**)**, lch. 7.

41. Leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu, ina n-éagsúlacht uile, faoina gcuid ceart agus, i gcás inarb ábhartha, faoina gcuid freagrachtaí, lena n-áirítear cearta i ndáil le saoránacht an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, an ceart atá ag daoine óga páirt a ghlacadh i dtoghcháin, faisnéis inrochtana atá fabhrach do leanaí agus atá fabhrach don óige a chur ar fáil, feabhas a chur ar thacaíocht agus ar rochtain ar sheirbhísí agus iad a chumhachtú agus a ullmhú chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha eolacha a bheidh in ann athrú dearfach a spreagadh laistigh dá bpobail agus níos faide i gcéin. Ina theannta sin, feasacht bhreise a mhúscailt maidir le cearta leanaí agus daoine óga chun oibriú chun sochaí chuimsitheach a bhaint amach.

IARRANN SIAD AR AN GCOIMISIÚN EORPACH DÁ RÉIR SIN, I GCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

42. Sineirgí a neartú, le linn a gcur chun feidhme, idir Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, Straitéis Óige an Aontais 2019-2027 agus Straitéis BIK+ agus straitéisí a d'fhéadfadh teacht i gcomharbas orthu sin, trí thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí comhroinnte, go háirithe tríd an gcomhar idir Comhordaitheoir Óige an Aontais agus Comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh,

43. A ndícheall a dhéanamh leanúint le Tairseach Eorpach na hÓige, le hArdán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí, leis an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach agus le hardán BIK agus leis na sineirgí eatarthu, trí fhaisnéis, acmhainní agus cistiú leordhóthanach a chur ar fáil agus trí mhionléiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leanúint leo sin i gcláir ábhartha an Aontais chun freastal ar shainiúlachtaí agus ar riachtanais leanaí agus daoine óga,

44. Tiomantas diongbháilte trasearnálach a choinneáil chun cearta agus folláine leanaí agus daoine óga, ina n-éagsúlacht uile, as líne agus ar líne a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áiritheofar a rannpháirtíocht ghníomhach i múnlú na hEorpa i dtimthriall pholaitiúil reatha an Aontais agus i dtimthriallta eile a bheidh ann amach anseo,

45. Measúnú a dhéanamh ar an nuashonrú débhliantúil leanúnach atá ar bun ar dhoiciméad úrscothach 2023 dar teideal 'Cláir Oibre Beartais Eorpacha agus Idirnáisiúnta i ndáil le Leanaí, an Óige, agus Cearta Leanaí' i gcás inarb iomchuí le tacaíocht, rannpháirtíocht agus saineolas ón gComhpháirtíocht Óige idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa.

IARRANN SIAD DÁ RÉIR SIN AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

46. Rochtain a chur ar fáil do leanaí ar spásanna don óige agus an rochtain sin a chinntiú, ar mhaithe le rannpháirtíocht fhóinteach chuimsitheach shábháilte,

47. Faireachán ar dhul chun cinn agus meastóireacht ar thionchar na mbeartas a bhaineann le leanaí, cearta an linbh agus gnóthaí óige a spreagadh, trí úsáid a bhaint as sásraí, táscairí agus tagarmharcanna atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar agus trí phróisis leanaí agus daoine óga a chuimsiú sna próisis faireacháin agus mheastóireachta sin.

## IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Tagairtí**

*Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais Eorpaigh*

– An Conradh ar an Aontas Eorpach

– An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

– An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2012/C 326/02)

*Institiúidí Eorpacha*

– Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh (2023/C 185/04)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, COM(2021) 142 final

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – an Deacáid Dhigiteach do Leanaí agus don Óige: an Straitéis Eorpach nua i ndáil le hIdirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)

– Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022)

– Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014

– Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1288/2013

– Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle

– Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (2018/C 456/01)

– Conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2010 maidir le Cláir Oibre Beartais Eorpacha agus Idirnáisiúnta i ndáil le Leanaí, an Óige, agus Cearta Leanaí (2010/C 326/01)

*Comhairle na hEorpa*

- Straitéis Oideachais 2024-2030 Chomhairle na hEorpa
- Straitéis Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Linbh (2022-2027)
- Straitéis earnála Óige 2030 Chomhairle na hEorpa

*Na Náisiúin Aontaithe*

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus na Prótacail Roghnacha agus na Barúlacha Ginearálta a ghabhann leis
- Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don fhorbairt inbhuanaithe (I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe)

## IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Sainmhínithe ar na príomhchoincheapa chun críche na gconclúidí seo:

Leanaí

'Aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois mura rud é, faoin dlí is infheidhme maidir leis an leanbh, go mbaintear lán-aois amach níos luaithe' (i gcomhréir le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC))

An Óige

Daoine óga idir 13 bliana agus 30 bliain d'aois (mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán 2021/817 lena mbunaítear an clár Erasmus+)

**Tagairtí, doiciméid, tuarascálacha, sonraí breise:**

*An tAontas Eorpach*

– Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí, 2023

– *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the European Year of Youth 2022* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022], COM(2024)1

– Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn, C(2023)8627 final, 12.12.2023

– Moladh(AE) 2023/2829 an 12 Nollaig 2023 ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa

– Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhshruthú na hóige i bpróisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach a chur chun cinn (C/2023/1342)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte (COM(2023) 298 final)

– Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022)

– Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige (2021/C 501 I/04)

– Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn (2021/C 241/03)

– Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí

– Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (2020/C 372/01)

– Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

– Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 20 Bealtaine 2014 maidir leis an bhforbhreathnú ar phróiseas an idirphlé struchtúrtha lena n-áirítear cuimsiú sóisialta daoine óga (2014/C 183/01)

– Tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí

– Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití (2023/C 23/01)

*Comhairle na hEorpa*

– *Council of Europe Recommendation CM/Rec(2023)9 on the active political participation of national minority youth* [Moladh CM/Rec(2023)9 ó Chomhairle na hEorpa maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil ghníomhach daoine óga ar de mhionlaigh náisiúnta iad]

– *Council of Europe Recommendation CM/Rec(2016)7 on young people's access to rights* [Moladh CM/Rec(2016)7 ó Chomhairle na hEorpa maidir le rochtain daoine óga ar chearta]

– *Council of Europe Recommendation CM/Rec(2012)2 on the participation of children and young people under the age of 18* [Moladh CM/Rec(2012)2 ó Chomhairle na hEorpa maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois]

*Na Náisiúin Aontaithe*

– Barúlacha Ginearálta, an Coiste um Chearta an Linbh

– Dearbhú Óige na Náisiún Aontaithe faoi chuimsiú an tionscnaimh 'Cearta an Duine 75'

– Treoirnóta ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Príomhshruthú Chearta an Linbh

– Achoimre Bheartais 3 an Ardrúnaí: *Meaningful youth engagement in policy making and decision-making processes* [Rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i gceapadh beartais agus i bpróisis chinnteoireachta]

– Rún 51/17, An Óige agus Cearta an Duine, a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine an 6 Deireadh Fómhair 2022

– Tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe: *Our common agenda* [Ár gComhchlár Oibre]

– Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil (2015)

– Straitéis Óige na Náisiún Aontaithe

– Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gclár oibre do Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, eadhon**:** 1261 (1999); 1314 (2000); 1379 (2001); 1460 (2003); 1539 (2004); 1612 (2005); 1882 (2009); 1998 (2011); 2068 (2012); 2143 (2014); 2225 (2015); 2427 (2018); 2601 (2021)

## IARSCRÍBHINN IV A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Tuarascáil ar thorthaí Sheimineár Eorpach na Saineolaithe maidir le meastóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar chláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta i réimse na leanaí, na hóige agus chearta an linbh a bhí ar siúl an 21-23 Eanáir 2024 i Lováin le linn Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, tuarascáil curtha le chéile ag an Dr Dan Moxon (Rapóirtéir Ginearálta):

*Model of policy coherence between Children, Youth and Children's Rights* [Samhail de chomhleanúnachas beartais idir Leanaí, an Óige agus Cearta Leanaí]




Moltaí le haghaidh gníomhaíochta

– Sásra leanúnach a bhunú ar leibhéal an Aontais chun comhordú, comhar, comhroinnt faisnéise agus malartú idir réimsí bheartas na hóige agus chearta an linbh a éascú sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais. Leis an sásra sin, ba cheart féachaint le comhleanúnachas beartais idir an dá réimse a chumasú ar bhealach níos fearr agus comhleanúnachas a chothú maidir le príomhréimsí téamacha sineirge.

– Leanúint de chur chuige comhordaithe idir Comhordaitheoir Eorpach na hÓige agus an Comhordaitheoir um Chearta Leanaí chun a áirithiú go ndéanfar cearta leanaí, cearta daoine óga, agus dearcadh leanaí agus na hóige a chomhtháthú i ngach réimse beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais. Mar chuid de sin, ba cheart don bheirt chomhordaitheoirí faireachán agus sainaithint a dhéanamh go rialta ar na hábhair imní atá ag leanaí agus ag daoine óga mar a léiríodh in Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, san Ardán um Rannpháirtíocht Leanaí agus i sásraí rannpháirtíochta eile. Ba cheart gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéanamh ansin chun freagairtí beartais trasearnála ina leith a spreagadh.

– Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir aghaidh a thabhairt ar chearta agus guthanna leanaí trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an chreata um Rialáil Níos Fearr, agus go háirithe an fhéidearthacht 'an measúnú tionchair ó thaobh leanaí agus na hóige de' a fhorbairt mar shásra comhlántach nó comhtháite in éineacht le measúnú tionchar nua an Aontais, an measúnú tionchar ó thaobh na hóige de.

– Leanúint den nuashonrú débhliantúil ar an doiciméad úrscothach dar teideal *The European and International Policy Agendas on Children, Youth and Children's Rights* [Na Cláir Oibre Beartais Eorpacha agus Idirnáisiúnta maidir le Leanaí, an Óige agus Cearta Leanaí], agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air sin chun comhtháthú beartais maidir le Leanaí, an Óige agus Cearta Leanaí ar an leibhéal náisiúnta a mhapáil.

– Anailís chórasach agus taighde a dhéanamh ar dheiseanna nithiúla maidir le comhtháthú beartais i mór-réimsí sineirge. Ba cheart go sainaithneofaí san anailís sin samplaí de dhea-chleachtas, uirlisí inmhacasamhlaithe, agus an fhéidearthacht maidir le comhthionscnaimh cur chun feidhme agus/nó faireacháin idir an dá réimse.

– Úsáid níos fearr a bhaint as ardáin atá ann cheana le haghaidh comhroinnt faisnéise, mar shampla an Vicí don Óige, chun faisnéis a mhapáil agus a chomhroinnt maidir le gníomhaíochtaí comhair nó comhordúcháin atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta sna beartais maidir le Leanaí, an Óige agus Cearta Leanaí atá ag na Ballstáit.

Is pointí tosaigh iad na moltaí sin chun comhleanúnachas níos fearr a fhorbairt, bunaithe ar an méid a pléadh sa seimineár saineolaithe. Is dócha go mbeidh gá le bearta nithiúla breise agus go sainaithneofar na bearta sin de réir mar a théann an clár oibre comhleanúnachais chun cinn. Thar aon ní eile, beidh gá le toil pholaitiúil chomhbheartaithe agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe uile, lena n-áirítear na hinstitiúidí Eorpacha, na Ballstáit agus an tsochaí shibhialta, i gcomhar le leanaí agus le daoine óga, chun an clár oibre sin a chur chun cinn.